
# Guth Ghoill

€3



## Duilleoga ar an Life

Duilleoga, duilleog' ar snámh, donn, geal is rua
Ar abhainn na Life ag seoladh, ag seoladh le sruth.
Spréigh siad brat glas...ar bharra na gcrann
Ar fud cuibhreann is coillte
i bhfad, i bhfad ó shin ann,

I bhfad ó shin ann

Duilleoga, duilleog' ar snámh, lá ceoch fómhair
Ag iompar na háilleachta trí shráideanna dobhair.
Spréigh siad brat glas...ar bharra na gcrann
Ar fud cuibhreann is coillte
i bhfad, i bhfad ó shin ann,

I bhfad ó shin ann

-Séamus Ó Néill

Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.
Fón: 074 9154830 / R-phost: ceimaniar@eircom.net Facebook: Céim Aniar Teo

**CLÁR**

| | |
|---|---|
| Coirnéal Nan | 2 |
| An tAth. Ó Siadhail | 8 |
| Samhain | 20 |
| Niall Mac Giolla Bhríde | 23 |
| Scoil Mhíobhaigh | 27 |



# Coirnéal Nan

Gheobhaimse an bus achan mhaidin Dé hAoine le dul suas go Carraig Airt le mo phinsean a thógáil is le harán, bainne is rudaí eile a fháil don teach.

Tá dúil mhór agam sa turas beag seo mar casaim le daoine ó áiteacha eile sa pharóiste, agus leoga ó tógadh an droichead úr casaim le daoine as Fánaid fosta sa tsiopa agus bíonn craic agam leo.

Ceann de na hábhair is mó a thagann aníos le tamall anois ná cé acu an bhfuil na scéalta i gCoirnéal Nan go hiomlán fíor. A leithéid de cheist le cur ar dhuine.

Tá cuimhne mhaith agam ar an am, agus tá seo ag dul ar ais blianta fada, a bhí mé i mo ghirseach óg ag fás aníos sna Doirí Beaga i nGaoth Dobhair. Bhí sé coitianta go leor ag an am sin fir siúil a fheiceáil ar na bóithre. Thagadh siad ó achan chearn den tír agus bhí an t-ádh orainne mar stopadh siad le mo mháthair am ar bith a mbíodh siad fán cheantar. Bhí mo mháthair breá flaithiúil leofa uilig agus nuair a thiocfadh am luí gheobhadh siad mála mór is é lán cocháin le dul a luí air in aice na tine.

Char tharla sé ariamh gur fhág fear siúil amháin teach s'againne ar maidin gan a bholg a bheith lán bracháin agus bainne milis.

'Sé an tuige a bhfuil mé ag insint seo daoibh ná go rachadh an scéal amach go raibh fear siúil i dtigh Bhidí Bhig agus thiocfadh na comharsana uilig ag airnéal an oíche sin leis na scéalta a chluinstin.



Anois, cha bheadh ariamh go leor cathaoireacha ná stólta d'achan duine agus sé'n nós a bhí ann ag an am nuair a bheadh scaifte mór sa teach ná go suífeadh daoine sna fuinneoga, cuid eile acu ar an tábla agus tuilleadh acu ar an leaba sa chlúid. I dtaca linne na páistí de, bheadhas muid ina luí thuas sa lochta agus gan focal nó gíog amach asainn sa dóigh is nach dtabharfadh duine ar bith muid fá deara.

Cibé ar bith bhí fear siúl darbh ainm Tuathal Bacach sa teach an oíche seo agus bhí an áit lán go doras mar is seanchaí den scoth a bhí ann agus choinnigh sé muid uilig faoi smacht s'aige ar feadh na hoíche.

Bheadh Tuathal ina shuí ar an chathaoir mhór in aice na tine, is é mar rí ar a choróin. Bheadh aoibh ar a aghaidh, is é ag tarraingt aníos na cuimhní óna aigne, agus fios maith aige nach dtitfeadh focal as a bhéal i ngan fhios mar bheadh achan chluas ar aire agus achan shúil fán teach dírithe airsean amháin. Bhí neart daoine fá cheantar s'againn fhéin a raibh an scéalaíocht go smior iontu ach cha sheasfadh duine ar bith acu leis an fhear siúil seo nuair a rachadh sé i mbun scéil.


Chuirfeadh sé an tús céanna ar achan scéal agus dár ndóighe chuala mé an tús sin chomh minic sin nach dear mé dearmad ariamh de.

Seo mar a thosaigh sé na scéalta.

"Bhí am ann fadó, agus is fadó a bhí, dá mbeadhas muid an uair sin ann cha bheadhas muid anois ann. Ach cé acu fadó nó anois, a chairde Gaeil, cha bheadhas muid a choíche gan aon scéal." Lasfadh sé a phíopa ansin agus shuífeadh sé go sona sásta agus an toit ina scamall os a chionn agus rachadh sé isteach sa scéal.

Bhí go maith is cha raibh go holc go dtí gur inis sé scéal oíche amháin ina raibh achan seort iontais. Bhí taibhsí ann, bhí an púca ann agus cha raibh laoch dár tharraing anáil ariamh fán tír seo nach raibh sa scéal.

Chríochnaigh sé an scéal an dóigh chéanna is a chríochnaigh sé achan scéal leis na focla seo. "Creid é nó ná creid, a fheara, ach sin an scéal."



Thosódh an chaint ansin is daoine ag moladh an scéil agus an seanchaí.

Ach an oíche seo sheas duine de na comharsana suas, Tomás Bhrinie Eoin a bhí air, is scairt sé amach os ard, “níl an scéal sin fíor.” Bhail, a leithéid de rud. Chluinfeá gíog dreoilín amuigh ar oileán Ghola. Bhí achan duine sioctha san áit ina raibh siad, gan ach na súile ag bogadh ó Thomás go Tuathail is ar ais arís. Cha Shílim go raibh a fhios ag Tomás é fhéin fán chineál torthaí a thiocfadh as a chuid focla mar bhí mise sa lochta díreach os a chionn is thug mé fá deara a mhuineál ag deargadh is é ag bogadh ó chos amháin go dtí’n chos eile. Cha raibh iontas ar dhuine ar bith níos mó ná orm fhéin mar ghlac mise leis i mo shoineantacht ag an am sin nach raibh i scéal ar bith ach an fhírinne. Cad chuige a mbeadh siad ag insint bréaga? Nach peaca a bhí sa bhréag?

Labhair mo mháthair ansin i nglór deas modhúil, ach modhúil is uile is mar a bhí a glór cha raibh aon duine sa teach, Tomás Bhrinie Eoin ina measc, nár thuig go raibh Bidí Bheag creathnach míshásta. “An rud é, a Thomáis Bhrinie Eoin,” a dúirt sí, “go bhfuil tú ag tabhairt bréagadóir ar aoi de mo chuidse faoi mo dhíon fhéin.” Bhail, cha raibh a fhios ag Tomás cá háit le hamharc is é ina sheasamh ansin ag splutaráil leis mar a bheadh páiste ar rugadh air ag ithe an t-siúcra.

‘Sé Tuathal Bacach é fhéin a tharraing ón tine é.

“A Bhidí bhig,” a dúirt sé, “seo an rud a dúradh liomsa i gcónaí is cuma cá háit sa tír ina raibh mé.” D’amharc sé thart orainn uilig ansin sular labhair sé arís. “ Ná mill scéal maith, a Thuathail Bhacaigh, ar mhaithe leis an fhírinne.” Thosaigh mo mháthair ag gáire ansin agus dúirt sí, “nach bhfuil an ceart ansin agat, a Thuathail?” “Ó, tá,” arsa Tuathal, “is má chuirim leis an scéal nó má bhainim uaidh ‘n scéal cad é’n difir a fhad is go mbaineann sibh uilig sult as?” Thosaigh Tuathal ag gáire ansin agus thit an gáire amach fríd an teach is bhí achan duine sásta, Tomás ina measc.

Cha dear mé dearmad ariamh den rud a dúirt Tuathal an oíche sin, go mbeidh Dia maith don chréatúr. Anois, tharla na rudaí seo uilig i mo chuid scéalta agus sin an fhírinne ach má tá peacaí beaga bána ina luí thart anseo is ansiúd fite fuaite fríd na scéalta cad é’n difir?. Chan rud é go bhfuil mé ag seasacht don Dáil. ’Sé’n t-aon rud a nímse ná na hainmneacha a athrú mar cé go bhfuil an chuid is mó de na daoine i mo chuid scéalta ar shlua na marbh le fada tá neart daoine muinteartha dófa ag nocáil thart go fóill. Tá a fhios agaibh fhéin cad é chomh tiubh is atá muid uilig nuair atá muintearas agus fuil i gceist.



Anois rachaidh mé ar ais chuig scéal Chondaí.

Sa scéal roimhe seo bhí Condaí i ndiaidh an bhuaidh a fháil ar Nellie i dtaca leis na rísíní de agus chan iontas ar bith sin mar is stócach óg cliste a bhí ann agus cha raibh sé ariamh furasta ceann a chuir trasna air.

Bhí bliain amháin is bhí an máistir ag iarraidh dráma beag na Nollag a dhéanamh sa scoil. Bhail, chan bréag é a rá go raibh muid uilig ag léimnigh thart fán áit le lúcháir mar cha dear muid a leithéid ariamh agus bhí a fhios againn go bhfaigheadh

achan pháiste sa scoil páirt de shórt inteacht.

Thug an máistir páirt Mháire Naofa dona iníon fhéin, Bríd. Girseach bheag ramhar rua a bhí inti agus char amharc sí a dhath cosúil le pictiúir ar bith de Mháire Naofa dá bhfaca mise ariamh! 'Bidí na breicní' a thug cuid de na gasúraí dímhúinte uirthi ach, bheadh sin ráite iontach ciúin mar is girseach bheag chonfach tintrí a bhí sa Bhríd chéanna. Anois, d'fhág sin nach raibh ach páirt mhór amháin eile le líonadh, sé sin páirt Sheosaimh é fhéin. "Tá gasúr beag cliste a dhíobháil orm don pháirt seo," arsa an máistir lá, "mar tá cnapán línte le foghlaim is níl mórán ama fágtha. Sheas Condaí, an gasúr ba chliste sa rang gan dabht ar bith, is dúirt sé, "déanfaidh mise an pháirt sin, a mháistir, beidh na línte agam i gcionn seachtaine." Bhí mise ag rá liom fhéin go gcaithfeadh sé an pháirt a thabhairt do Chondaí mar cha raibh gasúr eile sa pharóiste leis an chineál sin cumais. An chéad rud eile sheas Cathal ó Domhnaill. Anois, is col ceathrar de chuid Chondaí ('sé Ó Domhnaill a bhí mar shloinneadh ar Chondaí fosta) a bhí sa Chathal seo ach cha raibh siad mór lena chéile ariamh. Slíbhín beag de dhuine a bhí i gCathal agus tá mé den bharúil go raibh éad millteanach air i dtaca le Condaí de. Bhí sé i gcónaí ag insint scéalta fá Chondaí don mháistir agus b'iomaí sceilpeáil a fuair Condaí leis an bhata de thairbhe an diabhal de chol ceathrar a bhí aige.

"Tabhair an pháirt domhsa, le do thoil, a Mháistir," a dúirt Cathal."Ta mise breá ábalta fá na coinne." "Suigh thusa ar do thóin," arsa Condaí leis agus phléasc an fhearg ón mháistir. "A Chondaí," a dúirt sé, "ná labhair thusa mar sin le duine ar bith i mo rangsa. Cá bhfuil mo bhata?" "Gabh mo leithscéal, a mháistir," arsa Cathal, "ach bhris tú do bhata ar chloigeann Phait Báin tráthnóna inné." "Ó, sea," arsa an máistir, "bhail, amach leatsa, a Chathail agus gearr slat saileoige amach as garraí Mháire domh."

"Déanfaidh mé sin duit, a mháistir," arsa Cathal agus chuaigh sé i dtreo an dorais. "A Chathail," arsa an Máistir. Stad Cathal. " Slat mhaith, an dtuigeann tú?" "Ó, tuigimse go maith a mháistir," arsa Cathal agus gáire beag niogóideach ar a aghaidh.

Bhail, dá bhfeicfeadh sibh an bata a d'iompar sé isteach. Dhéanadh sé teannaire maith do sconsa agus chuir an máistir a neart iomlán sna buillí a landaíl sé ar lámha bhochta Chondaí. Ó, bhí nimh ina chroí ag Condaí do Chathal anois ceart go leor.

Le scéal fada a dhéanamh gairid fuair Cathal páirt Sheosaimh sa dráma agus is é a bhí mórtasach fán scéal. Cha raibh lá dá deachaigh thart nár chuir sé ceist ar Chondaí fán mhéid línte a bhí aige. Cha raibh ach líne amháin ag Condaí bocht. Líne le sé fhocal. Bhí páirt fhear an tí ósta aige agus nuair a chuireadh Seosamh ceist air sa dráma 'sé'n rud a bhí le rá aige ná, "Níl, tá na seomraí uilig lán."

Cha raibh mé fhéin ag déanamh sa dráma ach aingeal beag a thiocfadh isteach, mé fhéin is cúigear eile, nuair a bheadh an leanbh Íosa sa chliabhán. Ach mar sin fhéin bhí amhrán beag againn is bhí i bhfad níos mó na





sé fhocal le foghlaim. Caithfidh mé a rá gur chuir sé iontas orainn uilig fá cad é chomh ciúin agus chomh modhúil is a bhí Condaí de thairbhe go raibh Cathal de shíor ag déanamh a bheag dó siocair páirt Sheosaimh a bheith aige fhéin.

Cibé ar bith tháinig an oíche mhór is bhí halla na nDoirí Beaga lán go doras le bunadh na háite is iad uilig ag súil go mór leis an dráma a fheiceáil. Le cur leis an scéal, oíche iomlán gealaí i lár mí na Nollag a bhí ann, ina raibh réalta sa spéir agus siocán bán trom ar an talamh, rud a chruthaigh atmaisféar iontach don ócáid.

Bhí muidinne uilig cúl stáitse ag amharc isteach ó na taobhanna ar na haisteoirí ar stáitse. D'éist muid le achan fhocal agus muid ag fanacht go neirbhíseach ar an scairt le dul amach ar an stáitse. Bhí mé ábalta an máistir a fheiceáil i lár an chéad ró agus mo thuismitheoirí fhéin suite ar chúpla suíochán ar a chúl. Sin an máistir a bhí bródúil. Bhí achan rud ag dul i gceart. Bhí an máistreás ag promptáil ach cha raibh líne caillte go fóill ag aisteoir ar bith, agus chan iontas ar bith sin i mo thuairimse mar cha raibh a dhath d'obair na scoile déanta againn le coicís anuas ach muid go díreach ag gabháil don dráma. Bhí iníon s'aige ag láimhseáil páirt Mháire Naofa go maith cé go raibh coirnín beag de ghruaig rua ag gobadh amach ó chochall s'aici. Le cothrom na féinne a thabhairt do Chathal bhí sé maith fosta mar Sheosamh agus é ag éirí níos fearr de réir mar a bhí an scéal ag dul ar aghaidh. Fán am a tháinig an Teaghlach Naofa isteach go Bethlehem bhí Cathal ag strutáil thart mar a bheadh coileach óg lá samhraidh. Shiúl sé isteach ar dheis agus ró-pa ina lámh is é ag tarraingt asail. Bhí JJ ó Colla mar cheann agus cosa tosaigh an asail agus bhí Steafán Ó Baoil mar dhroim agus na cosa deiridh. Bhí Máire Naofa ina suí ar dhroim an asail agus a srón san aer, stad siad lár stáitse. Bhí doras an tí ósta cúl stáitse ar chlé ach sular bhuail Cathal cnag ar an doras d'amharc sé amach ar an lucht féachana Ba seo an bomaite a bhí sé ag feitheamh air. Chífeadh achan duine an pháirt bheag shuarach a bhí ag Condaí.

An chéad rud eile bhuail Cathal cnag ar dhoras an tí.

D'oscail Condaí an doras giota beag agus shín sé a chloigeann amach. Sheas Cathal mar a bheadh saighdiúir ann.

"A fhir a' tí, an bhfuil spás ar bith agat domh fhéin is do mo bhean cheile,?" a dúirt sé.

D'oscail Condaí an doras isteach rith an bhealaigh is scairt sé amach os ard.



"Tá cinnte, neart spáis sa teach seo. Goitsigí, isteach libh."

Bhail, cha raibh bogadh agus cha raibh focal ar stáitse nó sa halla.

Bhí Cathal ina sheasamh i lár stáitse is a bhéal

foscailte agus tá mé den bharúil nach raibh sé fiú amháin ag análú. Cha raibh a fhios ag Máire Naofa cá háit le hamharc is a haghaidh ag deargadh.

Chonaic mé fhéin aghaidh an mháistir is é greamaithe dona shuíochán. Sa deireadh scairt sé amach. "A mháistris, tabhair prompt dófa." Bhí mé fhéin i mo sheasamh in aice na máistreása ach cha raibh a fhios ag an bhean bhocht cad é le déanamh. Bhí sí uilig fríd a chéile agus na nótaí ag titim ar an urlár. Bhí a fhios agamsa líne Chondaí, agus dúirt mé léi, "Níl, tá na seomraí uilig lán." D'amharc sí orm le hiontas. "Cad é na seomraí?" a dúirt sí, agus thosaigh beirt de na haingil ag mo thaobhsa ag caoineadh. Fán am seo bhris an gáire amach sa halla. Ciúin ar dtús ach d'ardaigh sé de réir a cheile. Cha raibh Steafán bocht láidir go leor le meáchan Bhríd a thacú rofhada sin agus thit sé síos ar a ghlúine agus thit Máire Naofa ina cnap ar an urlár. Má bhí gáire sa halla bhí deich n-oiread sin gáire anois ann. Rith an dá aingeal a bhí ag caoineadh amach ar an stáitse agus síos go dtí'n lucht féachana ag cuartú a máithreacha. Bhí Pat Bán ag déanamh páirt aoire agus bhí téad ar pheata d'uan a bhí aige ach chaill sé smacht air agus tharraing an t-uan é isteach ar an stáitse is an t-uan céanna ag dul ar mire. Sheas Máire Naofa agus leag sí amharc súil ar Chondaí a thiontódh bainne agus stampáil sí den stáitse. Sa deireadh tháinig an máistreás aici fhéin agus tharraing sí na cuirtíní le críoch a chur leis an phrácás.

Fán am ar tháinig an máistir cúl stáitse cha raibh Condaí le feiceáil thall nó abhus. Is maith an rud fosta mar tá mé cinnte go mbeadh sé ina luí marbh dá bhfaigheadh an máistir greim air an oíche sin.

Char chaith Condaí lá eile ar an scoil agus is mór an trua sin mar bhí ábhar máistir ann gan dabht. Rinne na páistí uilig ábhar gáire den rud a tharla don slíbhín Cathal Ó Domhnaill as sin amach agus cha dtig liom a rá go raibh trua agam dó.

Cha raibh mé fhéin ar stáitse roimh an oíche sin. Chan fhuair mé deis dul amach ar an stáitse an oíche sin agus cha raibh mé ar stáitse arís go dtí go dear mé dráma san ionad i gCarraig Airt chóir a bheith trí scór go leith bliain i ndiaidh na hoíche sin. Nach ait an mac an saol!

Creid é nó ná creid, a fheara, ach sin an scéal.




Seo Nan agus an fhoireann a bhí sa dráma in Ionad Lae Charraig Airt

***Beidh tuilleadh fá Chondaí sa chéad eagrán eile.***

# An tAth. Sean Ó Siadhail,

## Doire Chasáin , 1901 – 1971.



Daoine as Deoise Ráth Bhoth a rugadh thart fá dheireadh na gcaogaidí, bheadh cuimhne acu ar shagart; Cigire Eaglaiseoireachta, mar a glaodh orthu, a thiocfadh isteach 'na scoile anois agus aríst le ceisteanna a chur ar na daltaí scoile fá Theagasc Críostaí. Cérbh é an sagart seo?

An Sagart Seán Ó Siadhail as Doire a' Chasáin a bhí ann agus sula dtabharfaidh mé cuntas ar a shaol féin, ba cheart domh tagairt a dhéanamh dá theaghlach agus cá as a dtáinig sé. Ba uncail do m'athair, Seán (Jack) Mac Pháidín a bhí ann.

**Clann Uí Shiadhail.**

Sloinneadh coitianta go leor é Ó Siadhail i gceantar Ros Goill agus go háirithe, san Íochtar. Cé go bhfuil cúpla teaghlach de bhunadh Ó Siadhail ann, níl cruthú ar bith go bhfuil siad uilig muinteartha dá chéile ach amháin, b'fhéidir, dá dtéifeá ar ais cúpla céad bliain. Bhí cónaí ar shinsearaigh an Athair Uí Shiadhail i nDoire a' Chasáin Mór sa teach a raibh cónaí ar na gaolta is deireannaí, Marcus Rua agus a dheartháir, Micí Hughie Mháire. Tá a'fhios againn gur rugadh athair mór an tsagairt, sé sin Edward, timpeall 1810 agus an t-ainm a bhí air na Edward Mhicí Éamainn. Mar sin, thig linn a mheas gur rugadh an Éamann sin thart fá 1760 agus go raibh an teaghlach seo i nDoire a' Chasáin Mór ar a



Teach Uí Shiadhail, Doire Chasáin, sular leagadh é

laghad an fhad sin. Bhí Edward pósta ar Mháire Ní Luadhóg as Droim, baile fearainn sna cnoic os cionn Chreamhghoirt.


Micí Hughie, Marcus Rua & Neacht.

I gcás Edward, athair mór an tsagairt, nuair a fuair sé bás i 1865, taispeánann a theastas báis gur feirmeoir agus 'dealer' a bhí ann. Bhí muileann aige fosta thíos ag bun Mhalaigh 'n Mhuilinn ar thaobh na láimhe deise ag dul síos. Gnó dleathach a bhí anseo ach bhí gnó ar an taobhlíne aige fosta agus ba sin go raibh sé a'dhul den phoitín. De réir tuairisce sa Derry Journal, Márta, 1850, bhí sé fhéin agus fear eile as an Íochtar, Donachadh Ó Gallachóir, (Donkey an leas-ainm a bhí air) ar dhroim beithígh thuas ag Carnisk cóngarach do Ráth Mealtain agus cúpla ceaig poitín leo le díol. Tháinig fear d'oifigigh an chustaim darbh ainm James Greer amach rompu; bhreith sé ar adhastar an bheithígh tosaigh agus dhírigh a phiostal orthu. Léim a' bheirt acu de na capaill agus bhris siad an gunna le bataí agus chur siad Greer go talamh. Ba dhóbair go raibh siad ar shiúil ach gó díreach ansin, tháinig fear thart a' coirnéal ar dhroim beithígh agus cé a bhí ann ach John Sproule, Breitheamh an Chontae. D'aithin sé Edward Shields agus bhí siad san fhaopach. Tugadh iad os comhair na cúirte i Leifear agus gearradh téarma trí ráithe (naoí mí) orthu le daor obair. Mhothaigh mé an scéal seo a insint ag Micí Hughie Mháire ag tús na n-ochtóidí ach, ní go dtí le gairid a fuair mé an cuntas sa Derry Journal ó Mhárta, 1850. Is mór an rud é an béaloideas

Leagadh teach Uí Shiadhail i nDoire a'Chasáin Mór ar na mallaibh ach ba sa teach seo fosta a rugadh athair an Athar Uí Shiadhail, Johnnie Mháire agus fosta a uncail, Micí Mháire, fear a raibh siopa aige suas a' lána os comhar a' Grotto ag barr Malaigh 'n Mhuilinn.


Johnnie Mháire (Ó Siadhail)

**Johnnie Mháire, (Ó Siadhail), 1866 – 1934**

Rugadh Johnny Mháire, athair an Athar Seán Ó Siadhail, i nDoire a' Chasáin Mór thart fá 1866. Nuair a bhí sé ina dhéagóir, cuireadh é ag obair mar phrintíseach le Joseph H Gallagher, fear a raibh siopa mór éadaitheoireachta (drapery) agus biotáille aige i Leitir Ceanainn.

Bhog sé go hAlbain ansin agus bhí siopa éadaitheoireachta agus teach tabhairne aige i gCill Saidhe, (Kilsyth). Phós se bean as Albain, Mary McCahill in 1886 ach fuair sí bas 1892. Phós sé



Johnnie Mháire, Susan, Julia agus Seán 1907



Sarah Shearlaí (Nic Laifeartaigh)

don darna uair ansin in 1895, Susan Murray, agus rugadh iníon, Síle (Julia) Ní Shiadhail in 1896. Ag an am sin, bhí lucht staonaireachta fá Chill Saidhe i gcoinne an óil agus shocraigh Johnnie Mháire bogadh go dti na Stáit Aontaithe lena theaghlach. Bá ansin, i 1901, a rugadh an tAthair Sean Ó Siadhail i Newport, Rhode Island. Fhad agus a bhí siad 'sna Stáit Aontaithe, thaistil Seán Óg, a dheirfiur Julia/Síle agus an mháthair Susan cúpla uair anonn 's anall. Chan fhuil fhios agam go dí-reach cad chuige ar bhog siad ar ais go hAlbain ach bhí siad ar ais i mbun gnó in Alexandria fán bhliain 1905. Ar an drochuair arís, fuair an darna bean bás fosta i 1908 agus bhog Johnnie Mháire arais go Ros Goill leis na páistí, áit a raibh siopa beag aige in aice na céidhe. Phós Johnnie Mháire don triú heat ansin, Sarah Nic Laifeartaigh, (Sara Shéarlaí) i 1912. Bá as Dumhaigh bunadh Sarah. Fuair Sarah bás roimh Johnnie Mháire i 1933 agus lean Johnnie í bliain ina dhiaidh sin, 1934.

**An Sagart Sean Ó Siadhail ina óige.**

Cé gur chaith a athair, Johnnie Mháire, an chuid ba mhó dá chuid ama thuas sna Dúnaibh ag obair sa tsiopa agus leoga fosta, ag caitheamh cuid dá chuid ama fá theach tabhairne Phaidí Fheidhlimidh, (anois an Harbour Bar), ba thíos i nDoire a' Chasáin a tugadh cúram do Sheán agus dá dheirfiúr Julia.

Bhí cónaí orthusan le seanChití Ruairí agus a fear céile, Micí Mháire Ó Siadhail, uncail na bpáistí. Mar a luaigh mé níos luaithe, bhí siopa breá ag Micí agus Cití fosta. Poncánach a bhí san Athair Seán Ó Siadhail, Albanach a bhí ina dheirfiúr Julia agus gan focal Gaeilge acu beirt, iad anseo anois i measc cainteoirí Gaeilge Ros Goill go luath i 1900.


Ba sa tsiopa seo i nDoire a' Chasáin a mheasc Seán le muintir na háite agus inár fhoghlaim sé an Ghaeilge agus dóigheanna na ndaoine.

**Oideachas.**

Nuair a bhí a thréimhse curtha isteach ag Seán i Scoil Náisiúnta Dhoire a' Chasáin, idir tuairim is 1908 agus 1915, cuireadh é go Coláiste Adhamhnáin i Leitir Ceanainn. Scoláire an-chliste ab ea é ó thús agus ligeadh do dhul go Coláiste Phádraig, Maigh



Seán Ó Siadhail Maigh Nuad 1924



**C.V. an t-Ath. Ó Siadhail 1940**

UNIVERSITY QUALIFICATIONS.

**Irish :**

B.A. 1921. First-class Honours in Modern Irish.
M.A. 1931. Honours, Celtic Studies.
Lecturer in Irish, Old Irish & Welsh, Maynooth College, 1927
Special Course in Palaeography at Vatican Archives, Rome, 1932—33, under Professors Cappello, s.j., & Battelli.
Irish [Church] History. Gilmartin Prize (Senior Class) Maynooth, 1924.

**General.**

B.D., B.C.L., Maynooth, 1925 ; L.C.L. 1926.
D.C.L. Gregorian University, Rome, 1932.
Special Courses at Sacred Congregations De Concilio and De Sacramentis, and at Holy Roman Rota, 1932-33.
H.Dip.Ed. Maynooth, 1927.
**Prizes** in Theology, (Dogma and Moral), Sacred Scripture (Old & New) Canon Law, Church History, Hebrew, Biology, Old Irish, etc, during Maynooth Course (1918-25 and Dunboyne 1925-27).

**Publications :**

Aistí Soisgéalaċa—(Oifig Foillsiuċáin Rialtais, 1937)
Pádraigín Haicéad, File Gaedhealaċ—1938.
A Ṁíre is a Ríteann an Grádh—Three-act Play (In Press—An Gúm)
Téiċeadh na n-Iarlaí. An Historical Pageant—In Press.
Guide to Lourdes. (Browne & Nolan, 1938)
A Lily of the Cloister. (Washington, 1928)
An Ḟilíoċt Ġaedhealaċ. Seaṫrún Céitinn, Sgéalta cois Fairrge } (Published serially in Irish Rosary, 1931-33)

**Teaching Experience :**

St. Eunan's College, Letterkenny, 1927-30.
Colaiste Brighde, An Falcarrach, 1930-31.
Colaiste Colmcille, Gweedore, Priomh-Ollamh 1936-40.

Nuad, i ndiaidh dó trí bliana a chaitheamh i Leitir Ceanainn. Cé gur chaith sé na chéad cúpla bliain dá shaol idir na Stáit Aontaithe agus Albain, rinne sé a bhunchéim i 'Modern Irish' agus mar pháirt de sin, rinne sé staidéar ar Ghaeilge agus ar Bhreatnais. Siocair gur fhág sé Coláiste Adhamhnáin agus é nios óige ná mar ba ghnáth, rinneadh é a oirniú faoi dispeansáid speisialta i 1925. De réir doiciméidí atá faighte agam on chartlann i Maigh Nuad, bhí sé ag léachtóireacht Gaeilge agus Breatnais ar feadh seal sa Choláiste i 1927. I ndiaidh dó an H. Dip.Ed a dhéanamh i 1927, chaith sé an tréimhse ó 1927 – 1930 ag teagasc i gColáiste Naomh Adhamhnáin agus ansin, ceapadh é mar shéiplíneach i gColáiste Bhríde ar an Fhál Carrach. Fosclaíodh Coláiste Bhríde an bhliain sin mar Choláiste Ullmhúcháin do ghirseacha a raibh suim acú dhul ar aghaidh le bheith ina múinteoirí bunscoile.

Le linn a chuid ama i Maigh Nuad, is léar ó na taiféid a fuair mé ón chartlann gur scolaire fíor chumasach a bhí ann. Féach cóip den CV a chur sé isteach don phost mar Ollamh na Gaeilge i Maigh Nuad i 1940. Char éirigh leis.

**Radharc leathan, domhanda.**

Ó bhí sé ina fhear óg, bhí suim ag an Athair Ó Siadhail i gcúrsái an Domhain, suim a bhí i bfhad níos leithne agus a chuaigh níos faide ná cúrsaí Eaglasta amháin. B'fhéidir gur ón méid taistil anonn is anall idir na Stáit Aontaithe agus Albain a rinne sé ina óige a d'fhág go raibh sé compórdach i ngach cearn den Domhain nó i gcuideachta dhaoine de gach seort. Tchí muid é i 1928, le linn na laethe saoire ó Choláiste Adhamhnáin, é mar phaisnéir go dti na Stáit Aontaithe agus nuair a bhí sé ansin, d'fhoilsigh sé leabhar, 'A Lilly of the Cloister', i Washington i 1928.

Mar an gcéanna, thaistil sé ar ais go dti na Stáit Aontaithe i 1929 agus 1930 agus cláraíodh é sna Virgin Islands mar shagart. I rith an ama a chaith sé sna Stáit Aontaithe, chuir sé síos ar an saol í Meiriceá i sraithe d'ailt fhada sa Derry People a chríochnaigh i Mí an Mhárta, 1930.




An tAth. Ó Siadhail (ar cúl ar clé) ag an ócáid i Scoil Dhoire Chasáin i 1933 nuair a bronnadh teastas ar Mhicí Eoin agus John Doudy ar son a gcrógachta..

**Tuilleadh Staidéir.**

Chríochnaigh sé an M.A. sa Léinn Cheilteach i 1931 agus idir 1931 agus 1933, bhí sé ag staidéar sa Róimh ins an Ollscoil Pontifical Gregorian, áit ar bhain sé céim amach mar D.C.L. sé sin Dochtúrach sa Diagacht. Bhí sé ag gabháil den scríbhneoireacht fosta ag an am seo mar atá soiléir ón CV atá luaite agam cheana féin.

**Cúrsaí Farraige agus Iascaireachta**.
Ón am a bhí an tAthair Ó Siadhail an-óg, bhí suim mhillteanach aige san fharraige agus i gcúrsaí iascaireachta. Chan iontas ar bith sin do ghasúr a tháinig i méid i Ros Goill sna blianta sin. Bhí teagmháil mhór aige leis na hiascairí a bhíodh ag teacht isteach i siopa a uncail Micí Mháire i nDoire a' Chasáin, áit ar chaith sé a óige, agus seans ar bith a gheobhadh sé, bheadh sé amuigh ar na bádaí leofa. Mhair an tsuim seo i rith a shaoil agus choinnigh sé 'punt' beag i gcónaí a fhad is bhí sé 'na chónaí i nDoire a' Chasáin, seo go tús na seascaidí.




Sea Fisheries 1932

Thig leat an grá a bhí aige don fharraige a fheiceáil ó chuntas in irisleabhair ó Choláiste Adhamhnáin i 1930 le linn dó a bheith ag teagasc ansin. Thug sé scaifte de mhic léinn ón Choláiste amach go hOileán Thoraigh go díreach roimh laetheanta saoire an tSamhraidh. Turas lae a bhí ann agus d'ith siad i dteach an tsagairt i dToraigh. Chan fhuil tuairisc ar bith ar fhan an bia sna goilí acu ar an bhealach 'na bhaile! I gcás an Athar Uí Shiadhail, cha bheadh seans ar bith go mbeadh tinneas farraige airsean mar bhí sé breá cleachtaithe ar achan seort farraige óna óige.
Bhí sé an-eolach ar nithe teicniúla agus eolaíochta a bhain leis an iascaireacht agus de thairbhe sin, toghadh é mar dhíritheoir ar an Fisheries Association sna tríochaidí.
Scríobh sé cuid mhór alt faoi chúrsaí iascaireachta. Bhí sraith sheachtainiúil aige sa Derry Journal: "Fishing Items" (1932) agus "Fishing Items: Second Series" (1932). I gcuid de na hailt seo, chuir sé chun tosaigh poinntí faoin bhealach ab fhearr a dtiocfaí iascaireacht na tíre seo a chur chun cinn ach bhí cuid de seo conspóideach go leor i measc lucht




Cuid de na leabhair Ghaeilge a d'fhoilsigh sé

iascaireachta.
Tá cuimhne agam, an uair a cheannaigh Chearlaí John Nochaí (MacGiolla Chéarra) an bád úr, Ros na Cille, bhí transmitter ar an bhád. Fuair an tAthair Ó Siadhail sean transmitter agus bhíodh sé ag cur scairt ar Chearlaí le linn dó a bheith ag teacht aníos a' báighe, chun fáil amach cé mhéad crann a bhí ar bord aige an lá sin. Nuair a bhí Finola Harte, (Hudaí) ina déagóir agus ar laetheanta saoire ón choláiste, bheadh sí ag obair thíos i nDoire Chasáin do Julia, deirifiúr an tSagairt agus corr uair, d'iarrfadh an tAthair Seán le uirthi scairteadh ar Ros na Cille ar an Transmitter agus cúpla amhrán a cheol díofa agus iad amuigh ag iascaireacht. D'inis sí domh go ndearna sí sin cúpla heat.

**An Ghaeilge**

Mar a dúirt mé cheana, cé gur chaith an tAthair Ó Siadhail a chéad chúpla bliain dá shaoil idir Meiriceá agus Albain, cha raibh sé i bfhad go raibh sé líofa sa Ghaelige. Chan amháin ó thaobh labhartha de ach fosta, ó thaobh dian staidéar a dhéanamh uirthi mar atá soiléir óna CV.

Duine ar bith a labhair leis nó a d'éist leis i mbun seanmóra ag an Aifreann, beidh cuimhne acu ar a líofacht, a chruinneas agus gan úsáid a bhaint aige as focal béarla ariamh agus é ag labhairt.

Bhí sé compordach a bheith ag scríobh i nGaeilge nó i mBéarla agus rinne sé cúpla leabhar agus ábhar i nGaeilge a fhoilsiú - An Fhilíocht Ghaelach, Seathrún Céitinn agus Scéalta Cois Farraige a foilsíodh go srathach san Irish Rosary idir 1931 -1933, Teitheadh na n-Iarlaí, A Mhire is a Ritheann an Grá, agus Pádraigín Haicéad, 1938. Fosta scríobh sé: Ar Bharr na dTonn, (Irisleabhar Mhagh Nuad), Ar Dhroim na Mara, (Irisleabhar Mhagh Nuad), An Pápa sa Choilligh Bhig, (aistriúchán ar The Pope in Killybuck).



An tAth. Ó Siadhail mar Shéiplíneach.

Bhí sé ina mholtóir ag Feis Dhoire i 1940 agus ina aoi speisialta ag Feis Ros Goill sna Dúnaibh i 1953, áit ar labhair sé faoi athbheochan na Gaeilge. Cha raibh eagla air tuairimí difriúla a chur chun tosaigh agus cháin sé iarrachtaí an Ghaeilge a bheith mar aon teanga amháin sa tír. Ta an óráid a thug sé fá bhuntáistí an dátheangachais le fáil i eagrán den Derry Journal i Mí Mheán Fómhair, 1953.

Rud eile a thaispeáin nach raibh eagla air dhul in éadan dhearcadh an tromlaigh, scríobh sé, i litir chuig na nuachtáin, nar aontaigh sé leis an méid áiteanna a bhí coinnithe i gColáiste Bhríde ar an Fhál Carrach do ghirseacha as an Ghaeltacht. Dúirt sé go raibh cónaí ar chuid de na daoine is mó go bhful suim acu in athbheochan na Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht agus nár cheart bac a chur os a gcomhair. Sin ó fhear a raibh suim an-mhór aige sa Ghaeilge agus a d'obirigh i gColáiste Bhríde é féin ar feadh seal.



Cuimneachán ó D-Day 1944

Cruthú eile fán suim a bhí aige sa Ghaeilge ná go raibh sé mar Phríomh Ollamh Gaeilge i gColáiste Cholmcille i nGaoth Dobhair ó 1936 – 1940.

**Cúrsai Eaglaise.**

Ó rinneadh é a oirniú i 1925, bhí saol ilghnéitheach go leor caite ag an Athair Ó Siadhail agus 'sa bhliain 1933 tháinig deireadh le seo ar feadh tamaill. Nuair a tógadh an Teach Pobail úr i gCnoc Fola, ba é an chéad sagart a ceapadh ansin mar shagart cúnta agus bhí sé ann go dtí 1940 nuair a ceapadh é mar shagart cúnta i nGort a Choirce, áit a raibh sé go dtí 1944.

Ar shiúl leis aríst ansin i rith an chogaidh agus ceapadh é mar Shéiplineach don Royal Navy i 1944. Bhí sé ag obair amach as Cathair Dhoire agus Portsmouth an chuid is mó den am ach tugadh cuimhneachán do a deireann: Rev. J.A. Shields, H.M.S. Drake, D-Day, 1944. Tá mé cinnte nach raibh sé i Normandy agus silim gur H.M.S. Drake an t-ainm a bhí ar an Ceannáras don Royal Navy i Plymouth. Char labhair sé mórán ar chor ar bith faoi seo ach bhí a bhairéad oifigiúil crochta i gcófra thíos i nDoire a' Chasáin ach díoladh an siopa, a bhí a reáchtáil ag a dheirfiúr Julia, nuair a bhog said go Gort a Choirce níos moille. Stad sé den obair seo i 1948.

**Cigire Eaglaiseoireacht,(E.I.) 1948 – 1963**.

Ceapadh an tAthair Ó Siadhail mar Chigire Eaglaiseoireachta i 1948 agus mar a dúirt mé

ag tús, bheadh cuimhne ag daoine go fóill ar na cúirteanna a thugadh sé ‘na scoile le seiceáil ar an Teagasc Críostaí. Cé gur dhuine dáiríre a bhí ann, bhí tréith an ghrinn ann fosta agus go háirithe le páistí. Chan ócáid tromchúiseach a bheadh ann nuair a thagadh sé isteach agus mo chuimhne fhéin ná go mbeadh sé ag miongháire agus é ag cur corr cheist. Bhí sé an-tugtha do mhilseáin é féin nó ‘lossenges’ mar a bhéarfadh sé orthu agus bhéarfadh sé cúpla ceann do pháistí a thug freagra maith do cheisteanna níos deacra.


Seanchlóscríobhán an Athair Uí Shiadhail

Le linn na mblianta a raibh sé ag obair mar Chigire Eaglaiseoireachta, chaith sé cuid mhaith ama in éineacht leis an Easpag Mac An Fhile (McNeely) agus é ag bogadh thart. Bhí sé ina sheort de ‘Chaffeur’ ag an Easpag agus é ag dul anonn in aois agus sílim fosta gur bhraith an tEaspag ar a chomhairle mar go raibh tuigsint an-leathan ag an Athair Ó Siadhail ar chúrsai a bhain leis an Eaglais. Nuair a fuair an tEaspag Mac an Fhile bás I 1963, ceapadh an tAthair Ó Siadhail mar shagart paróiste i nGort a Choirce.

**Ar Chúl an Chuntair sa Siopa.**

Le linn dó a bheith ag obair mar Chigire Eaglaiseoireachta ar fud na Deoise, chónaigh an tAthair Ó Siadhail i nDoire a’ Chasáin, os cionn an tsiopa. As siocair nach raibh sé ceangailte le obair na paróiste le linn na mblianta seo, bhí am aige rudaí eile a dhéanamh agus chomh maith le bheith ag déanamh cuid mhór scríbhneoireachta, chaith sé cuid mhaith ama sa tráthnóna agus san oíche ar chúl an chuntair sa tsiopa. Bhain sé sásamh mór as a bheith i dteagmháil leis na daoine a bhí ag teacht ‘un tsiopa agus a bheith ag caint agus ag comhrá leo fa caidé a bhí ar siúl sa cheantar ó thaobh cúrsaí iascaireachta, imirce agus a leithéidí. Char chuir seo isteach ar a chuid scríbhneoireachta mar bheadh a sheanchlóscríobhán ar an chuntar in aice an ‘Bacon Slicer’ agus é breá ábalta bheith “ag feadalach agus ag cogaint mine ag an am amháin”.


Clog a bhain Micí Hiudái ag na cartaí

Cé gur siopadóir an-chumasach a bhí i Julia, ghlac an tAthair Seán suim mhór i gcursaí gnó agus bhí a chuid earraí féin ar díol ann.

Dá mbeadh inneall ‘outboard’ a dhíth ar fhear bheadh sé ábalta inneall ‘Seagull’ a sholáthar dó furasta go leor nó, leoga, rud ar bith eile a bhain le cúrsaí iascaireachta. Nuair a bhíodh sé ar shiúl ar oilithreacht i Fatima, ba mhinic go dtabharfadh sé sciurd anonn go Morocco áit a gceannóchadh sé dosaen uaireadóir agus choinneochadh sé iad thuas os cionn a mhuinchillí go dtí go dtiocfach sé arais go

Doire a' Chasáin. Maram nár shíl lucht an chustaim go ndéanfadh sagart a leithéid. Ansin, bheadh 'Rolexes' agus 'Longines' ar díol sa siopa ach sna blianta sin, cha raibh mórán daoine ag caitheamh uaire-adóirí agus b'fhéidir go bfhuil 'Rolexes' amuigh ar chúl an tseantí go fóill.

An tAth. Ó Siadhail agus slua ar a mbealach chuig oscailt an ti pobail úr ar Inis Bó Finne, 1965



Rud eile a chur sé ar siúl ná stiúideo thall os comhair an tsiopa, áit a raibh bean as Ráth Maoláin, Róise Ní Dhochartaigh, i mbun oibre ag déanamh cultacha nua – aimseartha do mhná. Rinneadh cúpla 'gown' thall ansin do mhná óga a bhíodh ag dul chuig damhsaí de sheort éigin.

Sa seomra céanna san oíche, d'eagraigh sé cluichí cártaí d'fhir na háite agus is iomaí clog a baineadh agus is iomaí mallacht a cuireadh thall ansin le linn an imirt chártaí. Seort 'community centre' a bhí san áit.




Canon Shields III

**Gort a Choirce, 1963 – 1971.**

Ba seo an darna uair don Sagart Ó Siadhail a bheith i nGort a' Choirce. Mar a hinsíodh roimhe, bhí sé ansin mar shagart cúnta idir 1940 – 1944. Nuair a ceapadh é go Gort a Choirce, dhíol sé féin agus a dheirfiúr Julia an teach agus an siopa a bhí acu i nDoire a' Chasáin agus bhog Julia leis mar bhean a tí go Gort a Choirce.

Cé nach raibh eagla ar bith air roimh an fharraige agus go dtéadh sé féin amach go hInis Bó Finne fiú nuair a bhíodh daoine amhrasach go leor, cha raibh sé compordach go mbíodh muintir an oileáin ag teacht amach 'un Aifrinn in am na doininne agus shocraigh sé go dtógfadh siad Teach Pobail úr ar Inis Bó Finne. Fosclaíodh an Teach Pobail úr i 1965. Bhí ceiliúradh mór ar an Oileán an lá úd agus thaistil léar mór daoine as an tír mór le bheith i láthair.

An Grotto ag barr Mhalaigh 'n Mhuilinn.



Bhí dáimh mhór ag muintir an oileáin leis an Athair Ó Siadhail agus nuair a fuair sé bás i 1971, ba fir an oileáin a d'iompair a chónair chun na reilige.

Comhartha eile den dáimh a bhí idir muintir an oileáin agus an tAthair Ó Siadhail na an tainm a cuireadh ar chúpla bád ón oileán, sé sin "Canon




Cuid de na leabhair Bhéarla a d'fhoilsigh sé

Shields".

**Lourdes agus Fatima.**

Ba le linn an ama a bhí sé i nGort a Choirce a shocraigh sé 'Grottos' a thógáil ag achan bhealach a bhí ag teacht isteach 'na paróiste agus tá thart fá dhosaen acu sin ann anois. Thóg sé ceann fosta ag barr Malaigh 'n Mhuilinn cóngarach dá sheanteach. Bhí creideamh an- láidir aige sa Mhaighdean Mhuire agus d'eagraigh sé agus bhí sé i gceannas ar chuid mhór oilithreachtaí ó Dheoise Ráth Bhoth thar na blianta.

Ar cheann de na hoilithreachtaí seo go Lourdes, cheannaigh sé cúpla dealbh mór fá choinne cuid de na 'Grottos' a bhí le tógáil go fóill. Tharla sé gur theip ar shláinte an Easpaig Mhic an Fhile nuair a bhí sé amuigh leo agus bhí otharcharr as Leitir Ceanainn ag feitheamh leis ag Aerphort Bhaile Átha Cliath. Mar a tharla sé, bhí sé róthinn le dhul san otharcharr agus tugadh é go hOspidéal eile i mBaile Cliath. Chonaic an tAthair Ó Siadhail seans anseo leis na dealbha a chur go Dún na nGall agus lódáil sé iad isteach i gcúl an otharchairr. 'Landáil' siad thíos ag siopa a dheirifíear Julia i nDoire a' Chasáin agus cha raibh a fhios ag cuid de na seandaoine a bhí sa tsiopa caidé a bhí ar siúl nuair a thosaigh an tiomanaí a'tabhairt na dealbha amach as an otharcharr. Choisric traidhfil acu iad féin agus ar shiúl leo ar nós na gaoithe.

Thar na blianta fosta, scríobh sé cuid mhór leabhar fá Lourdes agus Fatima, agus thogh na húdaráis i Lourdes an leabhar a d'fhoilsigh sé i 1958, "The Guide To Lourdes" mar threoirleabhar oifigiúil d'oilithreachtaí.

**Caide'n seort duine a bhí ann?**

Dá gcuirfeá ceist ar dhaoine a raibh aithne mhaith acu ar an Athair Ó Siadhail, caidé'n seort duine a bhí ann, maram go ndéarfadh cuid mhór acu gur fear an-chliste a bhí ann.

Tá sin soiléir ón ábhar a chur Coláiste Phádraig, Maigh Nuad chugam. Déarfadh daoine fosta go raibh creideamh láidir aige sa Mhaighdean Mhuire ach nach raibh sé a bhrú ort. Deir daoine da mba rud é nach deachaigh sé leis an sagartóireacht gur duine acadúil, fear gnó nó polaiteoir thar barr a bheadh ann.

Sílim gur féidir a rá gur fear do na daoine a bhí ann. Nuair a bhíodh sé ar laetha saoire ón Choláiste ina óige, d’eagródh sé rásai curaí thuas ar Loch Den Mhór do na boic óga thart fán ait.


Am amháin bhí sé críochnaithe le seancharr a bhí aige nach raibh inneall ar bith ann, lig sé do m’athair agus do dheartháir m’athar, Hugo ‘imirt’ leis. Cha raibh boinn ar bith ar na rothaí agus ‘sén rud a dhéanadh siadsan ná go mbrúfadh siad an seancharr go barr Malaigh ‘n Mhuilinn agus léimeadh achan stócach thart fán áit isteach. Ar shiúl ansin leo síos Malaigh ‘n Mhuilinn chomh tapaigh agus a thiocfadh leo agus díreach roimh an droichead thiompódh siad isteach fríd bhearna sa chlaí agus isteach sa Chrossóg. Cha raibh dromchla tarmacadam ar an bhealach mhór an t-am sin agus bhíodh callán millteanach óna rothaí iarainn ar an tseanbhealach buí. Bhíodh na madaidh uilig as an Bhaile Láir ag gabháil ar mire leis an challán agus muintir Bhaile Láir ag amharc ar an ‘gang’ seo as Doire a’ Chasáin ag cur isteach ar a suaimhneas. Cha raibh ‘driving lessons’ ar bith an t-am úd agus ba ar Mhalaigh ‘n Mhuilinn a d’fhoghlaim cuid mhór boic an dóigh le carr a stiúradh.



**Corn Ghluaisrothaíocht 1930**



**Corn Ghailf ón Fhal Carrach 1927**



First Page. Superintendent Registrar's District of Inishowen 05265412

55

1931. Marriage solemnized at the Roman Catholic Church of St Michael in the Registrar's District of Moville in the Union of Inishowen in the County of Donegal

Marriage No. 51 Registered by me, this 13th day of July 1931. Thomas Harkin Registrar.

| No. (1) | When Married. (2) | Name and Surname. (3) | Age. (4) | Condition. (5) | Rank or Profession. (6) | Residence at the Time of Marriage. (7) | Father's Name and Surname. (8) | Rank or Profession of Father (9) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 51 | July 10th 1931. | James Edward Mac Grory | 27 | Bachelor | Footballer | 719 Springfield Rd., Glasgow. | Henry Mac Grory (Catherine Cole) | Steel-Worker |
| | | Veronica Green | 32 | Spinster | None | 6 Rowan Rd., Bellahouston Glasgow | George Green (Ann Jane Bradley) | Amusement Caterer |

Married in the Roman Catholic Church of St. Michael according to the Rites and Ceremonies of the Roman Catholic Church by me, J. A. Shields Chaplain Colaist. Brigad.

This Marriage was solemnized between us, James Edward McGrory, Veronica Green in the Presence of us, Alexander J. J. Mullan, Marian Green

1931. Marriage solemnized at the Roman Catholic Church of St. Michael in the Registrar's District of Moville

**Teastas Pósta Jimmy McGrory**

D’inis Muiris Bhidí, go ndéana Dia mhaith air, go ngearrfadh an tAthair O Siadhail na cosa as faoit nuair a bhíodh sé ag imirt sacar. Bhí sé iomaíoch agus ghlac sé páirt i rásaí gluaisrothar ar an trá sna Dúnaibh agus bhain sé corn ansin i 1930. D’imir sé galf fosta nuair a bhí sé óg agus bhain sé an Falcarragh Cup i 1927.

D’inis m’athair, Jack Mac Pháidín domh gur léim Seán isteach sa linn snámha, a bhí i Maigh Nuad ag an am, agus go raibh an soutane fada air. Rinne sé seo mar dhéadail (dare) agus sílim go dtaispeánann sé gur lad nádúrtha go leor a bhí ann in ainneoin é bheith fíor acadúil fosta.

Chan fhuil fhios agam cén dóigh a tharla sé ach bhí sé an-chairdiúil leis an laoch, Jimmy McGrory as Ceiltigh Ghlascú, fear a raibh teach Samhraidh aige sna Dúnaibh, an teach sin a raibh cónaí ar Jim Carr agus a theaghlach ann agus a díoladh le goirid. Am amháin bhí Celtic ar thuras sna Stáit Aontaithe agus shocraigh said eatarthu go dtiocfadh Jimmy isteach ar tír mór, ón soitheach, ag Bun an Phobail agus go bpósfadh sé Veronica Green as Glascú. Phós an tAthair Ó Siadhail Jimmy McGrory agus Veronica Green i mBun a’ Phobail i Mí Iúil, 1931.

Mar fhocal scoir ar an seort duine a bhí ann, seo sliocht as na taifid a fuair mé ar na mallaibh ón Royal Navy fan seort duine a mheas siadsan a bhí ann i rith a ama mar shéiplineach le linn an Dara Cogaidh. “Very loyal, mixes well, keen unofficial E.N.T. instructor, good conversationalist, and an excellent messmate’

**Bás.**

Fuar an tAthair Sean Ó Siadhail bás tobann i dTeach na Paróiste i nGort a Choirce ar an 22 Eanair, 1971. Bhí sé seachtó bliain d’aois.

Tá se curtha sa reilig i nGort a Choirce.




**Le Ciaran Mac Pháidín**


# Samhain

## le Seosamh Ó Cuilinn

Tá an bhliain ag dul thart nuair a thagann Oíche Shamhna orainn . Tá na crainn a bhí faoi dhuilliúr ghlas agus ag amharc go bródúil i rith an tSamhraidh ag éirí lom anois. Tá cineál de chruit orthu agus gan cosaint ar bith acu agus iad ag fanacht ar an Gheimhreadh chruaidh atá thart a' coirnéal. Athraíonn an t-am fosta, oícheanta fada agus laethanta goiride. Am suimiúil é an tSamhain agus bhí ceangal mór idir Oíche Shamhna agus Oíche na Marbh i gcónaí. Bhí lear nósanna págánacha sa tír seo am amháin agus cé go dtáinig an Chríostaíocht isteach d'fhan lear de na nósanna seo linn.

Bheadh féasta mór ag an am seo den bhliain ag tabhairt buíochais ar son na mbarrai agus as siocair an Fómhar a bheith sábháilte. Bheadh gamhain rósta ar thine mhór agus neart le h-ithe agus le h-ól agus neart rince. Nuair a bheadh an féasta thart dhéanfaí achan rud a dhó sa tine ansin, go h-áirithe na cnámha agus tá mise den bharúil gur as sin a tháinig an focal béarla 'Bone Fire Night' no mara deireadh muidinne Oíche 'le Eoin.

Bheadh go leor cleasaíochta ag dul ar aghaidh fá na tithe Oíche Shamhna. Rud an-choitianta a bhí ann na húlla a chrochadh ón díon agus bheadh ort do dhá lámh a chur ar chúl do dhroim agus plaic a bhaint as an úll. Fosta ba ghnách scála uisce a chur i lár an urláir agus píosa sé pingine a chur ar thóin a scála agus aríst bheadh ort do dhá lámh a chur ar chúl do dhroim agus iarracht a




dhéanamh an sé pingine a thógailt amach le do chuid fiacla. 'S iomaí uair a cuireadh an scála uisce bun os cionn i lár an urláir. Chuala mé scéal fá fhear a raibh deoch bhreá air agus cuireadh dúshlán air an t-airgead a thógailt amach as a' scála uisce, ghlac sé leis an dúshlán agus rinne sé a dhícheall ach ní raibh sé ábalta an t-airgead a fháil. Ach ní thabharfadh sé isteach agus d-ól sé an t-uisce uilig ach i ndeireadh na dála cha raibh airgead ar bith sa scála.


Bheadh fáinne in achan bhairín breac ag an am seo den bhliain agus bheadh achan duine ag súil go mór leis an té a bheith déanta tráthnóna agus go leor gáire agus magadh a dhéanamh ar an té a gheobhadh an fáinne agus b'fhéidir é greamaithe sna fiacla ag duine éigin.

Rud eile a dhéanfaí go minic agus go h-áirithe dá mbeadh duine nó beirt istigh ag airneál d'fhágfaí trí fochupán ar an tábla. Bheadh fáinne i gceann acu, créafóg i gceann eile agus uisce sa tríú ceann. Phiocfaí triúr ansin agus chuirfí dallóg ar a gcuid súl, ansin thiontófaí thart iad trí uaire agus ansin bheadh orthu a lámh a chur isteach i gceann de na plátaí . Dá bpiocfadh siad an t-uisce bhí sé ráite go rachadh an duine sin thar sáile taobh istigh den bhliain, bhí sé ráite fán té a phiocfadh an fáinne go mbeadh an duine sin pósta taobh istigh den bhliain ach scéal eile ar fad a bhí ann don té a phiocfadh an chréafóg mar go raibh sé ráite go mbeadh an duine sin san uaigh taobh istigh den bhliain .

Chreid lear daoine sna rudaí seo agus chuirfeadh sé isteach go mór orthu. Bheadh eagla mhór ar dhaoine a bheith amuigh sa dorchadas ag an am seo den bhliain mar go mbeadh lear cainte fá shíogaithe agus fá thaibhsí agus chreid na daoine go mbeadh an teorainn lag idir an saol s'againne agus an saol eile agus go mbeadh siad ábalta bogadh ó shaol amháin go dtí an saol eile furasta go leor .[níl mé ag ag caint fá Brexit anseo!]. Sa tseanam nuair a bheadh an té



déanta tráthnóna agus na soithigh nite bheadh sé coitianta go leor ag daoine an t-uisce a chaitheamh amach ar an t-sráid ach Óiche Shamhna cha chaithfí uisce ar bith amach i ndiaidh dó a dhul ó sholas mar go raibh sé raite go mbeadh na síogaithe thart an oíche sin agus bhí eagla ar na daoine rud ar bith a dhéanamh orthu ar eagla go dtabharfadh siad drochamharc orthu. Bheadh go leor daoine ag piocadh sméara dubha ag an am seo fosta agus bheadh na mná ag déanamh sú astu ach i ndiaidh Oíche Shamhna cha phiocfaí nios mó sméara dubha mar go raibh sé raite go siúlfadh na síogaithe orthu agus cha bheadh siad maith ina dhiaidh sin. Sa lá atá inniú ann bionn na fuinneoga sna tithe agus sna siopai lasta suas go galánta le Séan Ó Gealaí ach is dóiche nach bhfuil fhios ag an aos óg inniu gur seo sean nós a bhí ag an t-seanmhuintir a théann ar ais na céadta bliain. Oíche na marbh ba ghnáth leis an t-seanmhuintir coinneál a fhágáil lasta san fhuineoig i rith na h-oíche agus chuirfí tine mhór síos ag ám luí. D’fhágfaí seanphíopa créafóige agus píosa tobac ar bhac amháin agus gráinín beag snaoisín ar an bhac eile le taispeáint dóbhtha go raibh fáilte mhór rófa dá dtiocfadh siad ar ais . Sin cur síos goirid ar chuid de na rudaí a ba ghnách tarlú ag an am seo i bfad ó shin.





# Niall Mac Giolla Bhríde

Bhí lá den tsaol ann agus bhí Gaeilge chomh binn agus chomh fairsing agus a chluinfeá í áit ar bith eile sa chontae le cluinstin thart ar an Chraoslach . Má tá amhras ar dhuine ar bith dár léitheoirí faoi seo, níl le déanamh ach súil a chaitheamh siar ar bheatha dhuine de na filí a ba chlúitigh ariamh a rugadh agus a tógadh i gcontae álainn Thír Chonaill - Niall Mac Giolla Bhríde.

i bhFíodh Mór an Chraoslaigh a rugadh Niall, Oíche Shamhna na bliana 1861. Bhí ceithre acra dhéag ag a athair Proinsias agus ba de bhunadh Mhic Giolla Bhríde as Gort na Brád, taobh amuigh de Charraig Airt, a mháthair.

Ní dheachaigh sé 'na scoile go raibh sé seacht mbliana d'aois agus níor fhág sé an scoil go raibh na hocht mbliana déag bainte amach aige, cé nach raibh sé ar scoil go lán-aimseartha in am ar bith fríd na bliantaí sin. Cé go raibh Gaeilge aige ón chliabhán, ba bheag an líon daoine a raibh ar a gcumas í a léamh nó a scríobh sna laethanta sin. Ná déan dearmad gur faoi chóras na Scoilteacha Náisiúnta a bhí an t-oideachas sna laethanta sin agus ba bheag meas a bhí ar an Ghaeilge ná níor múineadh í mar ábhar sna scoilteacha. Ina theannta sin, seachas scoláirí mór le rá, ní raibh leabhartaí Gaeilge le fáil ag gnáth-dhaoine. Ba as leabhair Shéamais Uí Chreag, Conallach eile ó cheantar na nGleanntach, a d'fhoghlaim sé léamh agus scríobh na Gaeilge.

I ndiaidh dó an scoil a fhágáil, chaith sé cúpla bliain ag cuidiú lena athair ar an fheirm agus ba thart fán am seo, 1881, a ghlac sé mionna a lig isteach sna Fíníní é. Le linn an ama seo, hiarradh air teachtaireacht a thabhairt chuig fear de na Fíníní i gContae Mhaigh Eo. Rinne sé amhlaidh agus is cosúil gur ghlac sé corradh le seachtain dó a bhealach a dhéanamh o Dhún na nGall go Maigh Eo agus ba de shiúl coise formhór a aistir, cé go luann sé gur chaith se tamall ar an iarnród chomh maith. Deir sé go raibh sé ina fhinné ar mhiorúilt a tharla i gCnoc Mhuire, le linn a chuairt ar Mhaigh Eo. nuair a leigheasadh bean a raibh cos ghairid uirthi. Ba ghearr ina dhiaidh sin a cuireadh na Fíníní faoi bhanna na hEaglaise agus d'éirigh Niall agus cuid mhaith dá chomrádaithe as an ghluaiseacht dá bharr.


Niall Mac Giolla Bhríde & a Mháthair


Bhí dúil aige sna leabhair agus thosaigh sé ag cumadh véarsaí i mBéarla ar dtús agus ansin i nGaeilge. Bhí baint aige le Conradh na Gaeilge ó bunaíodh é i nDún na nGall sa bhliain 1901. Chuir Stiofán Mag Fhloinn réamhrá le cnuasach dá véarsaí - ***Blátha Fraoich, Songs in English and Irish***, a foilsíodh sa bhliain 1905. I measc na n-amhrán nó dántaí a bhí inti, bhí ***Mo Chró Beag ag Bun Chnoc a' Tí, The Hills of Donegal, Maolmuire, A Ballad of Doe Castle***, agus ***Charlie of Feymore.*** Ba é a chum na hamhráin chailiúla sin ***Nóirín Bán*** agus ***Nuala na gCuacha Buí*** chomh maith***.***



Tá ainmchlár Néill le feiceáil fós in Iarsmalann Dhún na nGall i Leitir Ceanainn

Ach creidim nach mbeadh eolas chomh forleathan ar a ainm muna ndéanfadh sé é a scríobh i nGaeilge ar a chairt lá amháin sa bhliain 1905. Tháinig fear de na péas air agus ar ndóiche cuireadh an dlí air de tahirbhe go raibh an t-ainm ar an chairt do-léite. Is cosúil go raibh seo in éadan an dlí ach ba léir do Chonradh na Gaeilge gur seo seans maith le taispeáint go raibh an teanga agus rud ar bith a raibh baint aige le náisiúnachas á chur faoi chois ag na húdaráis. Mar sin, nuair a cuireadh fíneáil dhá scilling air sa chúirt i nDún Fionnachaidh, mhol Conradh na Gaeilge dó gan é a dhíol. D'fhóir seo go maith do Niall mar bhí sé ina iar-bhall de na Fíníní agus tugadh an cás chun na hArd-Chúirte, áit ar chosain dlíodóir agus fear de na tírghráthóirí ba mhó sa tir, Padraig Mac Piarais é. Ba seo an t-aon uair amháin a chleachtaigh an Piarsach a cheird ghairmiúil agus chaill siad an cás, mar a tharla. Le súil go gcuirfí é i bpríosún, thug Niall cuairt ar an bheairic i nDoire ach rinne fear uasal éigin an fhíneáil a íoc dó i ngan fhios.

B'iomaí véarsa eile a scríobh sé le linn a bheatha agus chaith sé a shaol ag feirmeoireacht ar a ghabháltas ar an Fhíodh Mór. Casadh Niall agus Liam Ó Connacháin ar a chéile sa bhliain 1935 agus chuidigh Liam leis a Dhírbheathaisnéis (Autobiography) a scríobh sa bhliain 1939. Fuair Niall Mac Giolla Bhríde bás ar an 24ú lá de Mheán Fómhair, 1942. Tá sé curtha i reilig na dTuath agus tá plaic aitheantais ar an bhalla ar do bhealach isteach 'na reilige .




Ach d'imigh sin agus tháinig seo, mar a deir said.



Ach i ndeireadh na dála, ar imigh? Léigh leat go bhfeice tú!

Tugadh aitheantas dár bhfile Conallach ar na mallaibh i Scoil Naisiúnta Ghlasáin, foirgneamh atá suite laistigh de dhá mhíle ó theach cónaí Néill Mhic Giolla Bhríde ar an Fhíodh Mór. Tá ceantar Ghlasáin ar cheann de na ceantair Ghaeltachta lonnaithe thart ar an Chraosloch atá mar pháirt de Ghaeltacht Thuaisceart Dhún na nGall. Ba ócáid chultúrtha í seo a tharla de bharr comhoibriú idir fhoireann na scoile agus choiste Chéim Aniar, ceanneagraíocht na Gaeltachta thuasluaite.

Tharla sé gurbh é ***Mo Chró Beag ag Bun Chnoc a' Tí*** an téama a roghnaigh Céim Aniar do Mhórshiúl Lá 'le Pádraig i mbliana. Creidim go mbeadh sé níos cruinne a rá gurb é Proinsias Mac Giolla Bhríde, ball de choiste Céim Aniar a tháinig aníos leis an smaoineamh. Ní hé amháin gur tháinig sé aníos leis an smaoineamh ach ghlac sé seilbh ar an tionscadal agus dhearaigh sé agus thóg sé an teach breá ceann tuí leis an leathdhoras atá le feiceáil thíos faoi agus nach breá an obair a rinne sé ar a ***Chró Beag ag Bun Chnoc a' Tí*** ! Fuair sé fear áitiúil le taifeadadh a dhéanamh den amhrán agus amach leis i Mhórshiúl Lá 'le Padraig lena Chró Beag agus amhrán Néill Mhic Giolla Bhríde á shéideadh amach fríd na callairí. Bhain sé trí dhuais ar an lá agus nach raibh sé tuillte go maith aige?

Measadh ansin gur saothar in aisce a bheadh ann, gan é a bheith ar taispeáint ach ar aon ócáid amháin agus mar sin, rinneadh teagmháil le Príomhoide Scoil Ghlasáin, atá suite faoi scáth na Mucaise, le fail amach an mbeadh suim ag na daltaí scoile an ‘Cró’ álainn seo a fheiceáil. D’aontaigh an Príomhoide, Áine Ní Fhuaruisce gur smaoineamh maith a bheadh ann agus shocraigh sí go ndéanfadh

na scolairí rud beag taighde ar bheatha agus ar shaothar Néill Mhic Giolla Bhríde. Socraíodh fosta go rachadh muintir Chéim Aniar siar 'na scoile leis an Chró Bheag roimh laetha saoire an tSamhraidh.

Rinneadh amhlaidh: Thug Proinsais Mac Giolla Bhríde agus cúpla ball de Chéim Aniar an Cró siar 'na Chraoslaigh ar leantóir agus cuireadh fáilte mhór rófa. Ba lá brothallach a bhí ann agus an ghrian ag scoilteadh na gcloch.

Thainig na daltaí agus an fhoireann go léir amach go dtí an chlós agus rinne siad cur síos cuimsitheach ar shaol an fhile. Ní amháin go raibh siad ábalta fonn nó port ***Mo Chró Beag ag Bun Chnoc a' Tí*** a sheinm ar a bhfeadógaí stáin ach ina theannta sin cheol siad trí véarsa den amhrán chomh maith. Bhí maidin ghalánta againn go léir; ba trí mheán na Gaeilge a seoladh an ócaid ó thús go deireadh; tugadh aitheantas do Niall Mac Giolla Bhríde ina thír fhéin agus phill muid abhaile sona sásta.







# Scoil Mhíobhaigh ag Deireadh na gCaogaidí



**Ar Chúl:** Páidí Coyle, An Raplach (RIP). Páidí Ó Gallchóir (Phat), An Ghlíob (RIP). Ned  Ó Gallchóir, An Ghlíob. John Ó Gallchóir, An Ghlíob. Máire Nic Giolla Bhríde (Mhicí Rua), Gleann Raithnigh. Madge Ní Bhuaidhaigh (Boyce), Dún Dúbhain. Máire Nic Giolla Bhríde (Bhurns), An Meall Mór. John Ó Sibhleáin (Mhicí Stephen), Ailt  a’ Chaorthainn (RIP).

**Sa Lár:** Neily Mac Giolla Bhríde (Stiofáin), An Ghlíob. Micheál Coyle, An Raplach. John Ó Gallchóir (Phat), An Ghlíob. Neidí Mac Lochlainn (John Phéigí), An Chloich Bháin. Danny Ó Gallchóir, An Ghlíob. Charlie Mac Giolla Bhríde (Stiofáin), An Ghlíob (RIP). Domhnall Mac Giolla Bhríde (Ann), Cluain tSaileach. Annie Mare Ní Ghallchóir, An Ghlíob.

**Chun Tosaigh:** Michéal Ó Buadhaigh (Boyce), Dun Dubháin. Treasa Nic Giolla Bhríde (Stiofain), An Ghlíob. Sally Nic Giolla Bhríde (Mhicí Rua), Gleann Raithnigh. Kitty Nic Giolla Bhríde (Bhurns), An Meall Mór. Margaret Ní Bhrógáin, An Meall Mór. Charlie Ó Gallchóir (Phat), An Ghlíob.



Údarás na Gaeltachta

An Roinn
Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Department of
Arts, Heritage and the Gaeltacht

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com